

TAISCE ACMHAINNÍ IOMPAIR NA SEIRBHÍSE TACAÍOCHTA D'OIDEACHAS SPEISIALTA (STOS)



Treoirbhileog 5

CONARTHAÍ IOMPAIR

Is smaoineamh maith é **Comhaontú maidir le hlompar Ranga** (féach Treoirbhileog 12; *Comhaontuithe maidir le hlompar Ranga*) a leagan amach le gach dalta sa rang. Ba chóir go gcuirfeadh seo síos go cruinn ar rialacha agus gnáthaimh bhunúsacha an ranga, ar na rudaí a tharlóidh má chomhlíonann daltaí na rialacha agus na gnáthaimh seo, agus ar na rudaí a tharlóidh mura leanfaidh daltaí na rialacha agus na gnáthaimh seo. D'fhéadfadh an comhaontú cur síos a dhéanamh freisin ar na cineálacha tacaíochtaí a bheidh ar fáil do dhaltaí a bhfuil deacracht acu cloí le rialacha agus le gnáthaimh an rang (m.sh. conas cúnaimh a iarraidh, meabhrúcháin amhairc, srl)

I gcás roinnt daltaí, seans gur an-deacair dóibh an Comhaontú ginearálta maidir le hlompar Ranga a chomhlíonadh. Bainfidh seo le mionlach beag daltaí a léireoidh iompar dúshlánach a bheidh i bhfad níos tromchúisí i gcomparáid lena gcuid piaraí sa rang. Seans gur gá **Plean Tacaíochta Iompair Aonair** a cheapadh do na daltaí sin. I dTreoirbhileog 22 tá imlíne ar na céimeanna a bhaineann le Plean Tacaíochta Iompair Aonair a fhorbairt. Seans gur gné amháin dá seo é **Conradh Iompair Aonair**. D'oibreodh seo ar an mbunús céanna agus a d'oibreodh an Comhaontú maidir le hlompar Ranga, ach bhainfeadh sé le dalta áirithe amháin, agus ní bheadh baint aige le gach dalta sa rang.

Agus Conradh Iompair á fhorbairt, b'fhéidir gur chóir smaoineamh ar na moltaí seo a leanas:

- Chomh mór agus is féidir, lig don dalta bheith páirteach i ndréachtú an chonartha. Dá mhéad úinéireacht a bheidh ag an dalta ar an bpróiseas, is mó an seans go gcloifidh an dalta leis. Ciallaíonn sé sin plé a dhéanamh leis an dalta (ag cuimhneamh ar aois agus ar chumas) cén fáth a bhfuil imní ort faoi iompar an dalta, cén cineál iompair atá ag cur imní ort, agus bealaí inar féidir an t-iompar sin a laghdú nó fáil réidh leis. Leis sin freisin múinfear don dalta bealaí eile chun é/í féin a iompar (scileanna nua) ionas gur féidir leis an dalta gníomhú ar bhealach i bhfad níos oiriúnaí.
- Díriú chomh mór agus is féidir ar na torthaí dearfacha a bhainfidh leis an gconradh a chomhlíonadh in ionad féachaint ar na torthaí diúltacha a bhainfidh le teip. Mura gcuirfidimid béim ach ar na smachtbhannaí a chuirfear i bhfeidhm toisc gur theip ar an dalta cloí leis an gconradh, ní bheidh aon chúiseanna dearfacha ag an dalta cloí leis. Mar chuid den chonradh, sainaithin an duais / dreasacht chun cloí leis an gconradh, agus sonraigh conas agus cathain a gheobhaidh an dalta é sin.
- Tá tacaíocht tuismitheoirí fíorthábhachtach agus tú ag oibriú i dtreo toradh níos fearr a bhaint amach - arís lig do na tuismitheoirí an oiread bainte agus is féidir a bheith acu leis an bpróiseas, ag obair leo agus ag lorg a gcuid tacaíochta ar mhaithe leis an dalta. I gcás roinnt daltaí, d'fhéadfadh gur tuismitheoir altrama a bheadh ann, daoine eile as an teaghlach nó oibrí cúraim a bheidh ag gníomhú 'in loco parentis', ach tá a dtacaíocht chomh tábhachtach céanna.
- Luaigh iompraíocht nó dhó is mian leat a athrú ar dtús. Caithfear iad sin a lua go soiléir m.sh. Is fearr *Ní bheidh mé ag ciceáil, ag smugairle, ag bualadh nó ag baint greamanna as duine eile ná ní dhéanfaidh mé iarracht sin a dhéanamh* nó is fearr i bhfad *ní úsáidfidh mé ach tuairimí dearfacha nuair a bheidh mé ag labhairt nó ag caint faoi dhaoine eile ná a rá Beidh mé níos fearr sa rang!*
- Cuir an conradh i bhfeidhm. Ní bheidh aon mhaitheas ann mura gcuirfear i bhfeidhm é! Cinntigh go gcuirfear an fhoireann iomchuí ar an eolas.
- Déan athbhreithniú ar an gconradh. Mura bhfuil ag éirí leis, triail fáil amach cén fáth nach bhfuil agus smaoineadh ar phlean éigin eile.
- Spreagadh agus tacaíocht: ag deireadh an lae táimid ag iarraidh ar an dalta freagracht a ghlacadh as a (h)iompar féin.

Tuilleadh eolais: <http://specialed.about.com/cs/behaviordisorders/a/behaviorcontrac.htm>

Seo láithreán gréasáin an-áisiúil a mhíononn faoi chonarthaí iompair agus tá teimpléid le fáil air is féidir a úsáid sa rang.